

Aonad 3 – Cumarsáid | Nótaí H1

Cumarsáid

Is í an chumarsáid aistriú eolais ó dhuine go duine eile.

An Méid atá le cur san Áireamh agus Modh Cumarsáide á Roghnú

- Costais - an gá duit billí, stampaí srl. a íoc?
- Meán - an féidir leis an bhfaighteoir é seo a fháil? M.sh. ní fiú ríomhphost a sheoladh chuig duine nach ndéanann a chuid ríomhphost a sheiceáil.
- Príobháideacht - an bhfuil an teachtaireacht príobháideach nó an féidir í a rá ar an bhfón?
- Práinn - an bhfuil an teachtaireacht práinneach nó an féidir leis an bhfaighteoir fanacht ar litir sa phost?
- Taifead - an gá duit taifead a choinneáil den chumarsáid?

Bealaí Cumarsáide

- Cumarsáid aníos - fostaí go fostóir.
- Cumarsáid anuas - fostóir go fostaí.
- Cumarsáid chothrománach - daoine ar an leibhéal céanna m.sh. bainisteoir go bainisteoir.

Bacainní ar Chumarsáid

- Úsáid teanga atá mícheart/míchuí.
- Easpa muiníne sa ghnó.

- Meán mícheart roghnaithe.
- Ní éistear leis an gcumarsáid.
- Easpa aiseolais.
- An iomarca bealaí cumarsáide.

Cineálacha Cumarsáide.

Tá trí chineál cumarsáide ann: cumarsáid ó bhéal (glaoch gutháin nó cruinniú), cumarsáid scríofa (litir/ríomhphost a scríobh) agus cumarsáid amhairc (grafaicí faisnéise).

Cumarsáid Inmheánach.

Déanann daoine cumarsáid laistigh den ghnó. Úsáideann siad modhanna ó bhéal ar nós cruinnithe agus glaonna gutháin, comhfhreagras i scríbhinn mar ríomhphoist, tuarascálacha, cláir fógraí agus litreacha agus modhanna leictreonacha mar ríomhphoist nó inlíon. Is éard atá i gceist leis an inlíon Líonra Achair Logánta (LAN) a úsáid ina bhfuil deasc gach fostaí nasctha ionas gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh lena chéile.

Cumarsáid Sheachtrach.

Déanann daoine sa ghnó cumarsáid le daoine seachtracha. Déanann siad é seo ó bhéal trí ghlaoc teiléafóin, cruinniú nó preasagallamh, cumarsáid scríofa le ríomhphost, fógra nó facs agus déantar cumarsáid leictreonach tríd an idirlíon agus trí Idirmhalartú Leictreonach Sonraí a úsáid. Is modh é seo a úsáidtear idir soláthraithe agus custaiméirí agus ligeann sé go huathoibríoch do chumarsáid idir an dá dhream. Is minic a thugtar EDI air seo. Baineann Dunnes Stores agus Coca Cola úsáid as EDI chun stoic a athordú go huathoibríoch nuair a bhíonn stoic íseal.

Cineálacha Cruinnithe

- CGB - Cruinniú Ginearálta Bliantúil. Caithfidh sé tarlú gach bliain de réir dlí, agus is cruinniú de na scairshealbhóirí uile é.
- Cruinniú Foirmiúil - cruinniú a reáchtáiltear idir fostaithe sa ghnó agus a bhfuil clár oibre socraithe aige.
- Cruinniú Neamhfhoirmiúil - cruinniú neamhphleanáilte idir fostaithe.
- Cruinniú Ad Hoc - cruinniú tobann nach dtarlaíonn de ghnáth ach a bhíonn ann le fadhb a réiteach.
- CGU - Cruinniú Ginearálta Urghnách. Tarlaíonn sé seo nuair a bhíonn saincheist ann nach mór do na scairshealbhóirí go léir aghaidh a thabhairt uirthi, saincheist nach féidir léi fanacht go dtí an CGB.

Dualgais an Chathaoirligh

Bíonn an cathaoirleach i gceannas ar an gcruinniú. Ullmhaíonn siad an clár gnó agus cinntíonn siad go bhfuil go leor daoine i láthair ag an gcruinniú (córam). Féadfaidh siad vóta speisialta, ar a dtugtar vóta réitigh, a chaitheamh má chríochnaíonn an cinneadh ar comhscór. Coinníonn siad smacht ar chúrsaí agus molann siad gach duine le páirt a ghlacadh.

Dualgais an Rúnaí

Cabhraíonn an rúnaí le hullmhú an chláir gnó. Coinníonn siad nóta de na pointí tábhachtacha go léir a dhéantar le linn an chruinnithe agus cuireann siad é seo chuig na rannpháirtithe (miontuairiscí an chruinnithe). Léann siad agus freagraíonn siad gach comhfhreagras maidir leis an gcruinniú agus cuireann siad an fógra don chruinniú amach. Coinníonn siad taifead freisin de na baill atá i láthair ag an gcruinniú agus coimeádann siad taifead ar chruinnithe roimhe seo agus a gcuid miontuairiscí.

Fógra

Úsáidtear fógra chun daoine a chur ar an eolas faoi chruinniú atá le teacht. Seo sampla d'fhógra faoi chruinniú gnó.

Beidh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Comhpháirteanna Uí Néill ar siúl in Óstán Shelbourne, Baile Átha Cliath an 1 Meitheamh, 2017 ag 2.30 i.n.

Clár Gnó:

- Miontuairiscí ón CGB deireanach.
- Toghchán Stiúrthóirí
- Tuarascáil an Chathaoirligh.
- Athbhreithniú airgeadais.
- Aon Ghnó Eile

Thomas Bennett, Rúnaí Cuideachta.

Sampla de Mheamram

Go: An Fhoireann Uile

Ó: Aoife McKinney, Stiúrthóir Bainistíochta

Dáta: 19 Iúil 2017

Maidir le: Uaireanta Oibre Níos Giorra

Tugtar an deis do gach fostaí a gcuid uaireanta oibre a laghdú ó 40 uair sa tseachtain go 30 uair sa tseachtain ionas gur féidir leo níos mó ama a chaitheamh lena dteaghlach. Ní bheidh aon éifeacht aige seo ar do phá san uair, ráta a fhanfaidh mar an gcéanna. Beidh sé seo i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh.

Aoife McKinney

Struchtúr Litreacha

Ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas i litir (san ord seo).

1. Seoladh an tseoltóra.
2. Seoladh an fhaighteora.
3. Dáta.
4. Beannú (A chara,).
5. Maidir le: __
6. Corp na teachtaireachta.
7. Beannú deiridh.
8. Síniú.
9. Ainm agus teideal.

Struchtúr Tuarascála

1. Teideal
2. Ullmhaithe do.
3. Arna ullmhú ag.
4. Dáta.
5. Téarmaí Tagartha (cuspóir na tuarascála).

6. Réamhrá
7. Príomhchorp.
8. Conclúid / Moltaí.
9. Síniú.

Úsáidí TFC i nGnó

Úsáidtear TFC ar go leor cúiseanna i ngnólachtaí. Baineann beagnach gach gnólacht úsáid as Microsoft Word chun litreacha, sonraisc srl. a dhéanamh. Tá bunachair sonraí ar líne ag cuid acu ina stóráilann siad a gcuid taifead, liostaí a bhaineann le stoc agus custaiméirí mar shampla.

Úsáidtear scarbhileoga chun taifid agus buiséid airgeadais a thaispeáint. Is féidir leis an ríomhaire iad a nuashonrú go huathoibríoch, de réir mar a athraítear na sonraí. Tá an tIdirlíon an-tairbheach do ghnólachtaí toisc go dtugann sé áit dóibh táirgí a dhíol agus fógraíocht a dhéanamh. Chomh maith leis sin, is féidir leo faisnéis a fháil faoi ghnólachtaí eile.

Baineann go leor gnólachtaí móra úsáid as córas ar a dtugtar ‘néalríomhaireacht’, córas a ligeann a gcuid doiciméad a roinnt le daoine eile laistigh den ghnó.

An tAcht um Chosaint Sonraí (1998, 2003)

Ceartha na nÁbhar Sonraí:

- Ceart a gcuid faisnéise féin a fháil.
- Ceart chun cúitimh as mí-úsáid sonraí.
- Ceart earráidí san fhaisnéis a cheartú.
- Ceart gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí nuair a tharlaíonn sárú.
- Ceart a bheith bainte de mhargaíocht dhíreach.

Ról an Choimisinéara um Chosaint Sonraí

- Soláthraíonn sé faisnéis d'ábhair shonraí
- Tá liosta de na rialaitheoirí sonraí ag an gCoimisinéir.
- Déanann sé imscrúdú ar ghearáin.
- Forbraíonn sé cóid chleachtais do ghnólachtaí.